An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Preas Ráiteas
Press Statement

Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2011

Tá *Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2011* á foilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Léiríonn an bhliainiris pictiúr cuimsitheach d'Éire an lae inniu. Soláthraíonn sí eolas mionsonraithe, táblaí agus graif thar réimse leathan ábhar. San áireamh iontu seo tá daonra, lucht saothair, oideachas, coireacht, an geilleagar, talmhaíocht, tionscal, seirbhísí, praghsanna, tithíocht, geilleagar feasachta agus an timpeallacht.

Daoine

- B'ionann an réamh-iomlán don daonra áirithe ar oíche an daonáirimh 10 Aibreán 2011 agus 4,581,269 duine, i gcomparáid le 4,239,848 duine in Aibreán 2006, ag léiriú méadú 8.1% i dtréimhse chúig bliana.
- Cláraíodh 73,724 breith sa bhliain 2010, laghdú 554 ón mbliain 2009.
- B'iad Jack agus Sophie na hainmneacha is coitianta do leanaí in 2010.

Obair

- Thit líon na ndaoine i bhfostaíocht ó 1.939 milliún in 2009 go 1.859 milliún in 2010.
- B'ionann líon na ndaoine dífhostaithe in 2010 agus 293,600, i gcomparáid le 264,600 in 2009, méadú 11%.
- Taifeadadh na laghduithe is mó i meántuilleamh seachtainiúil sna hearnálacha *Sláinte daonna agus obair shóisialta* (-7.7%) agus *Gairmiúil agus eolaíoch agus teicniúil* (-6.7%).
- B'ionann meántuilleamh bliantúil na mban agus 72% de thuilleamh na bhfear, le €33,932 ar an meán á thuilleamh ag mná i gcomparáid le €47,178 ag fir in 2009.

Geilleagar agus Airgeadas

- In 2010, tháinig méadú beag ar OTN i bpraghsanna comhsheasmhacha (faoi 0.3%) i gcomparáid le 2009. Tagann sé seo i ndiaidh laghdú 9.8% in 2009 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Bhí barr-easnamh i gceist le hIarmhéid an Rialtais Ghinearálta arbh ionann é agus €49,599m in 2010, i gcomparáid le heasnamh €22,694m in 2009.
- B'ionann meánráta boilscithe na bliana 2010 agus -1.0%, suas ó -4.5% in 2009.
- In 2010 na príomh-mhargaí onnmhairí ba ea SAM (23%), an Bhreatain Mhór (14%) agus an Bheilg (14%). Tháinig allmhairí go príomha ón mBreatain Mhór (30%), ó SAM (14%), ón nGearmáin (8%) agus ón tSín (6%).

Tuilleadh/...

Information Section
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email information@cso.ie

Roinn Eolas
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
Suíomh Gréasáin www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost information@cso.ie

Dálaí Sóisialta, Sláinte agus Oideachas

- Tá méadú tagtha ar chaiteachas Leasa Shóisialaigh ó 8.0% den Olltáirgeacht Náisiúnta in 2000 go 16.7% in 2010.
- B'ionann an líon daoine a maraíodh ar na bóithre in 2009 agus 238, síos 41 (14.7%) i gcomparáid le figiúr na bliana 2008, arbh ionann é agus 279.
- Ag aois 19, bhí 75% de mhná agus 65% d'fhir in oideachas lánaimseartha in 2009/10.
- Tuairiscíodh gur bhrath nach mór 29% de dhaoine aonair ar a laghad cineál amháin díothachta forghníomhaithe in 2009.

Tógáil agus Foirgníocht

- Tháinig laghdú 30.1% ar an méid táirgeachta i dtógáil agus i bhfoirgníocht idir agus 2010.
- Tháinig laghdú ar líon na gceadanna pleanála bronnta i ndáil le háitribh nua ó 10,380 go 6,347 idir 2009 agus 2010, is ionann sin agus laghdú 38.9%.

Seirbhísí agus Dáileadh

- Mhéadaigh méid na Trádála Mótair faoi 17.8% in 2010, i gcomparáid le laghdú 42.7% sa bhliain roimhe sin.
- Mhéadaigh díolacháin mhiondíola faoi 0.9% i méid agus bhí laghdú 2.2% i gceist i ndáil le luach in 2010.

Talmhaíocht agus an Timpeallacht

- Idir 2000 agus 2010 d'ardaigh praghsanna aschurtha na talmhaíochta faoi 15.3%, le praghsanna ionchuir ag ardú 39.9%.
- I Meitheamh 2010 bhí 6.6 milliún eallach, 4.6 milliún caora agus 1.5 milliún muc.
- Tá laghdú 12.5% tagtha ar astuithe gáis cheaptha teasa (á dtomhas i gcoibhéisí dé-ocsaíd charbóin) i gcaitheamh na mblianta 2001 go 2009, le hastuithe réamhtheachtach na báistí aigéadach (á dtomhas i gcoibhéisí dé-ocsaíd sulfair) ag laghdú faoi 35.6% i gcaitheamh na tréimhse 2000 go 2009.

Coireacht

- In 2009, taifeadadh nach mór 40% de bhuirgléireachtaí i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- In 2010, bhí os cionn leath na bpríosúnach (50.3%) d'aois 29 mbliana agus níos óige.

Turasóireacht agus Iompar

- Laghdaigh líon na dturas thar lear go hÉirinn faoi 12.9% go 6,037,100 in 2010, i gcomparáid le 2009.
- Cé gur í an Bhreatain Mhór go mór fada ár margadh turasóirí is mó, tá líon na dturas ar Éirinn ón láthair seo tite faoi nach mór aon trian go 2,738,500 idir 2006 agus 2010.
- Ar an iomlán rinneadh 125,823 tástáil tiomána in 2009 agus gnóthaíodh ráta pas foriomlán de 48%.
- Mhéadaigh líon na ngluaisteán príobháidí nua cláraithe don chéad uair in 2010 faoi 56% ar fhigiúirí na bliana 2009.

Ba mhaith leis an CSO buíochas a ghabháil leis na ranna, na gníomhaireachtaí agus na daoine aonair go léir a chuidigh leis na sonraí a bhailiú don Bhliainiris, lena n-áirítear iad siúd i dTuaisceart Éireann atá tar éis ábhar a sholáthar don Aguisín.

Tá téacs iomlán na Bliainirise Staidrimh ar fáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin an CSO ag:

http://www.cso.ie/releasespublications/statistical_yearbook_ireland_2011.htm

Is féidir an Bhliainiris Staidrimh a cheannach ó:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Roinn Eolais, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Oifig Dhíolta Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2 nó trí aon díoltóir leabhair

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil le Eamonn Dorney. Guthán 021-4535036, facs 021-4535555, rphost information@cso.ie.

An Phríomh-Oifig Staidrimh *27ú lá Fómhair 2011*

–CRÍOCH–